# Aighneacht

# Plean Ceantair Áitiúil Limistéar Toghcháin 2020 - 2026

# Corca Dhuibhne

# Feabhra 2021

## INTREOIR

Cuireann Conradh na Gaeilge fáilte roimh an deis seo aighneacht a chur isteach maidir le Plean Ceantair Áitiúil Limistéar Toghcháin Corca Dhuibhne 2020 – 2026 faoi Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000.

Is í aidhm an aighneacht seo go n-iarrfar go mbeidh Gaeltacht Corca Dhuibhne san áireamh sa Phlean Ceantair Áitiúil agus a chúinsí sochtheangeolaíochta nuair atá pleanáil ar siúl sa cheantar.

Tá ról ríthábhachtach ag Comhairle Contae Chiarraí i dtaobh cur chun cinn na Gaeilge, ach go háirithe le limistéir Ghaeltachta faoina chúram. Caithfidh ról cosanta, caomhnaithe agus fáis a bheith ag an gComhairle do phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht i nGaeltacht Corca Dhuibhne. Is tríd an bPlean Forbartha seo gur féidir díriú ar sin.

## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000

In Ailt 10 – (2) (m) luann sé san Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 : '(*m*)  oidhreacht teanga agus chultúrtha na Gaeltachta a chosaint, lena n-áirítear an Ghaeilge a chur chun cinn mar theanga an phobail, i gcás ina mbeidh limistéar Gaeltachta i limistéar an phlean forbartha.'

Mar sin tá dualgas reachtúil ag an gComhairle an teanga a chaomhnú sa Ghaeltacht.  Tá gá anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar aon fhorbairt nua a dhéantar sa Ghaeltacht chun measúnú a dhéanamh ar thionchar an fhorbairt sin ar an stad sochtheangeolaíochta sa cheantar.

## ORDUITHE LOGAINMNEACHA (GAELTACHT)

IR872, 2004

33(2) Ní bheidh aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla de logainm Gaeltachta ó 2004... (a) in aon Acht den Oireachtas a rithfear nó in aon ionstraim reachtúil a dhéanfar tar éis an dáta sin faoi aon Acht (b) i cibé léarscáileanna, arna n-ullmhú agus arna bhfoilsiú ag Suirbhéireacht Ordanáis Éireann nó le cead uaithi, a bheidh forordaithe, nó (c) ar chomhartha bóthair nó sráide arna chur suas ag údarás áitiúil nó thar a cheann.

IR599, 2011

Dearbhaítear leis an Ordú seo na leaganacha oifigiúla Gaeilge de logainmneacha sna Ceantair Ghaeltachta nach logainmneacha riaracháin iad a léirítear ar léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis agus nach gclúdaítear san Ordú Logainmneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004. Faoi réir fhorálacha alt 33(1) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, níl aon fheidhm ná éifeacht a thuilleadh leis an leagan Béarla de na logainmneacha seo ó 2011.

## SCÉIM TEANGA COMHAIRLE CONTAE CHIARRAÍ 2020 - 2023

I Scéim Teanga Comhairle Contae Chiarraí 2020 – 2023 deir sé 'Dá réir sin, tá freagracht ar gach rannóg de Chomhairle Contae Chiarraí maidir le cur i bhfeidhm ár Scéimeanna Gaeilge, Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus aon reachtaíocht eile a mbeadh tionchar aici ar phobail na Gaeilge agus na Gaeltachta.'

'Tá na príomh beartais poiblí seo leanas ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla … Pleananna Áitiúla Gaeltachta - Corca Dhuibhne & Uíbh Ráthach'  'Leanfar ag foilsiú fógraí Gaeltachta agus Contae i nGaeilge nó dhátheangach. Gach Rannóg.'  Ní raibh leagan Gaeilge ar fáil don chomhairliúchán seo as Gaeilge: https://www.kerrycoco.ie/draft-corca-dhuibhne-electoral-area-local-area-plan-proposed-material-alterations/.

'Go leanfaidh gach rannóg ag úsáid logainmneacha Gaeltachta i nGaeilge amháin ar cháipéisí, chomharthaí, bhunachar sonraí agus líníochtaí. Gach Rannóg.'

'Tacú le na Pleananna Teangan Gaeltachta de réir Acht na Gaeltachta 2012. Gach Rannóg.'

'Go dtabharfaidh rogha do chustaiméirí Gaeltachta cruinnithe réamhphleanála trí Ghaeilge a roghnú. An Roinn Pleanála / Ceantar Bardasach'

'Go mbeidh an cineál gnó luaite i nGaeilge ar chomharthaíocht nua os cionn siopaí sa Ghaeltacht. An Roinn Pleanála'

‘Spreagfaidh Comhairle Contae Chiarraí iarrthóirí ar chead pleanála sa Ghaeltacht a gcuid Fógraí Pleanála Suímh a chrochadh i nGaeilge nó i nGaeilge agus i mBéarla. An Roinn Pleanála

‘Scéim Tacaíochta Teangan a fhorbairt do Thionóntaí agus d’ábhar Tionóntaí ar liostaí feithimh tithíochta sa Ghaeltacht, i bpáirt le hÚdarás na Gaeltachta agus eagraíochtaí ábhartha eile, ina mbeidh trí chéim fé leith sa phróiseas, 1) Measúnú, 2) Teagasc agus 3) Tástáil Labhartha ar nós Teastas Eorpach na Gaeilge. Oifig na Gaeilge agus an Roinn Tithíochta’

‘A chinntiú, oiread agus is féidir, go mbeidh inniúlacht sa Ghaeilge labhartha ag iarrthóirí nó ar chúnamh tithíochta ó Chomhairle Contae Chiarraí i gceantair Chatagóir A na Gaeltachta’

‘Go leanfaidh Comhairle Contae Chiarraí lena polasaí comharthaíochta Gaeltachta, atá dearfach & ceannródaíocht, a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht, polasaí a thugann tús áite don nGaeilge ar chomharthaíocht Ghaeltachta.’

‘Go gcuirfear tuarascálacha bliantúla ar fáil maidir le feidhmiú na Scéime Teanga ag Comhairle Contae Chiarraí don Choiste um Beartais Straitéiseacha atá freagrach as an nGaeilge agus cúrsaí Gaeltachta.’ Is gá mbeidh an coiste ag déanamh anailís sochtheangeolaíochta ar aon ghníomhaíocht a dhéanann an Comhairle Contae a bheadh tionchar aige ar chúrsaí pleanála sa Ghaeltacht.

‘Go ndéanfar forbairt ar ár Scéim Tacaíochta Teanga do Thionóntaithe agus tionóntaithe ionchasacha (2.2.16), lena n-áirítear dáileadh pacáiste tacaíochta teanga, i gcomhpháirt le príomheagraíochtaí Gaeltachta.’

‘Tá tuarascálacha bliantúla le cur ar fáil don Choiste um Beartais Straitéiseacha a bhfuil freagracht aige as cúrsaí Gaeilge agus Gaeltachta, maidir le feidhmiú na Scéime Gaeilge, ag Comhairle Contae Chiarraí, ag Seirbhísí Corparáideacha & ag Ceannasaithe Rannóg, le tacaíocht ó Oifig na Gaeilge.’ Ba chóir go mbeidh cúrsaí pleanála sa Ghaeltacht luaite sa tuarascáil seo chomh maith mar go bhfuil go leor gnéithe de phleanáil luaite sa scéim teanga.

Tá go leor moltaí maithe sa Scéim Teanga maidir le Cúrsaí Pleanála sa Ghaeltacht sa Scéim Teanga. Beidh cosaint mhaith ann d’inmharthanacht na Gaeilge i gCorca Dhuibhne má chuirtear i bhfeidhm na forálacha sin sa Scéim Teanga.

## PLEAN TEANGA CHIARRAÍ THIAR 2018 - 2025

‘An Rialtas Áitiúil: Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach i gCorca Dhuibhne

• Is í Comhairle Contae Chiarraí atá freagrach as rialtas áitiúil, as an bpleanáil agus as an bhforbairt fhisiceach i gCorca Dhuibhne.

• Tá Plean Forbartha Contae 2015-2021 i bhfeidhm faoi láthair chun an phleanáil a rialú sa chontae. Is é príomhaidhm Gaeltachta an phlean forbartha ná oidhreacht theangeolaíoch agus chultúrtha na gceantar Gaeltachta a chosaint agus an Ghaeilge a chosaint mar theanga phobail.

• Tá Oifig na Gaeilge sa Chomhairle Contae lárnach i gcur i bhfeidhm spriocanna teanga na Comhairle, spriocanna atá dírithe ar sheirbhísí na Comhairle a chur ar fáil trí Ghaeilge agus ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht i gCiarraí a neartú.

• Maidir leis an bpleanáil, tá dualgas reáchtúil ar an gComhairle de réir an Acht um Phleanáil agus Forbairt 2000 céatadán de thíthíocht in eastátanna príobháideacha sa Ghaeltacht a chur ar leataobh do chainteoirí Gaeilge (ag teacht leis an gcéatadán de chainteoirí laethúla atá sa phobal de réir an daonáirimh). Níl an cás céanna ag baint leis an tithíocht shóisialta. Níl aon chlásal i bhfeidhm a thugann tús áite do dhaoine le Gaeilge cead pleanála a fháil do thithe aonair sa Ghaeltacht. Tá sé mar aidhm ag PT LPTCT comhoibriú le Comhairle

Contae Chiarraí in iarracht a dhéanamh cead pleanála a éascú do mhuintir na Gaeltachta ag baile. Tháinig sé chun cinn le déanaí (Samhain 2017, FOI TG4) nach bhfuil an dualgas reáchtúil atá ar Chomhairle Contae Chiarraí maidir le coinníoll teanga ar thithíocht in eastátanna príobháideacha á chomhlíonadh acu sa limistéar (Tuairisc Nuachta TG4 Dé hAoine 10 Samhain 2017).'

'6.11. Pleanáil agus Forbairt Fhisiceach

Is í Comhairle Contae Chiarraí a chuireann seirbhísí rialtais áitiúil ar fáil do Chontae Chiarraí (pobal Gaeltachta san áireamh) agus a fheidhmíonn mar údarás pleanála don Chontae. Bíonn dualgas orthu Plean Forbartha (Pleanála) don Chontae a réiteach agus athbhreithniú a dhéanamh air gach sé bliana. Tá Plean Forbartha Chontae Chiarraí 2015- 2021 i bhfeidhm faoi láthair chun pleanáil agus forbairt fhisiceach an chontae athreorú.

Tá Oifig na Gaeilge sa Chomhairle Contae lárnach i gcur i bhfeidhm spriocanna teanga na Comhairle. Tá na spriocanna seo dírithe ar sheirbhísí na Comhairle a chur ar fáil trí Ghaeilge agus ar úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht i gCiarraí a láidriú. De réir cruinnithe a reáchtáladh leis an mBainisteoir Contae, le Coiste Polasaí Straitéiseach agus le hOifig na Gaeilge sa Chomhairle, is iad na tacaíochtaí pleanála / seirbhísí rialtais áitiúil is mó go bhféadfadh Comhairle Contae Chiarraí a fhorbairt chun tacú leis na ceantair Ghaeltachta ná: clásail a cheangail le tithíocht (féach thíos beart 6.11.1) ; an Ghaeilge a chur chun cinn mar ghné lárnach den turasóireacht chultúrtha (féach siar go beart 6.7.7); timpeallacht shóisialta Gaeilge a chruthú d'aos óg na Gaeltachta (féach thíos beart 6.11.2) agus tógaint ar na tacaíochtaí teanga atá ar fáil d'fhoghlaim na Gaeilge sa Ghaeltacht (féach siar go Beart 6.5.1). Bheadh gá le stocaireacht agus tacú ón bpróiseas pleanála teanga chun go dtarlódh na bearta sa réimse seo.'

'Clásail teanga d'eastáit tithíochta príobháideacha agus sóisialta Tacóidhan próiseas pleanála teanga le curi bhfeidhm chlásail tithíochta sa Ghaeltacht a thacódh le príomhsprioc na Gaeltachta.Rachfarimbunstocaireachtaleisanrialtasáitiúil agus an Coimisinéar Teanga maidir le cur i bhfeidhm Acht Forbartha agus Pleanála 2000 i dtaca leis an gcéatadán de thithíocht atá curtha ar fáil do chainteoirí laethúla Gaeilge sna heastáit tithíochta príobháideacha sa Ghaeltacht i gCorca Dhuibhne.Taispeánadh i Samhain 2017 go raibh an dualgas reachtúil seo á sárú ag Comhairle Contae Chiarraí. Fiosrófar dualgas reachtúil an rialtais áitiúil (ag eascairt as Acht Tithíochta 1988 Cuid 11 Mír 2a) maidir le clásail teanga a cheangal le tithíocht shóisialta sa Ghaeltacht. Chiallódh dualgas mar seo go dtabharfaí tús áite, i dtithíocht shóisialta a thógfar amach anseo, do lucht labhartha na Gaeilge i dtaca le céatadán áirithe den tithíocht seo. Bheadh an céatadán tithíochta a bheadh curtha ar leataobh do chainteoirí Gaeilge ag teacht leis an gcéatadán de chainteoirí laethúla atá sa cheantar de réir fhigiúirí an Daonáirimh. Déanfar stocaireacht chun ceist bhreise faoi chumas sa Ghaeilge a chur sa phróiseas iarratais do thigh aonair nua sa Ghaeltacht, ag cinntiú go mbeadh sé níos fusa do chainteoirí laethúla Gaeilge cead pleanála a fháil sa Ghaeltacht, go háirithe sna ceantair Ghaeltachta is láidre – Cat A. (leasú ar reachtaíocht náisiúnta ag teastáil chuige seo).

Fiosrófar an bhféadfaí coinníoll Gaeilge a cheangal le post an Oifigigh Phleanála a bhíonn ag obair le muintir na Gaeltachta ó thaobh na pleanála de.'

'Beidh comhoibriú idir APTCT agus Comhairle Contae Chiarraí chun an beart seo a chur i bhfeidhm agus a chinntiú go bhfuil dea-thionchar aige ar lonnaíocht teangalárnaithe sa Ghaeltacht.'

Tá súil ag Conradh na Gaeilge go bhfuil comhoibriú á dhéanamh ag an gComhairle Contae leis an Oifigeach Pleanála Teanga i gCiarraí Thiar chun cúrsaí pleanála i gCorca Dhuibhne a éascú.

## DINGLE FUNCTIONAL AREA LOCAL AREA PLAN 2012 - 2018

‘The Gaeltacht Chorca Dhuibhne covers an extensive area within the Dingle Functional Area and constitutes an important part of the linguistic, social, and cultural tradition of the county. This area is also rich in traditional ways, folklore, writing, music, and historic and archaeological sites. Every effort must be made to preserve and maintain Gaeltacht traditions.

The absolute number of people speaking the Irish language on a daily basis has fallen between 2002 and 2006. As a percentage of the population in the Gaeltacht area it has fallen to 35.1%. As an indicator of the future strength of the language, the % of population is a more relevant indicator than absolute numbers. As the percentage decreases, the external pressures on the language increase. This trend is an obvious cause for concern.

‘The percentage of Kerry Gaeltacht daily speakers for 1996 was 57.4%, for 2002 was 60.4% and for 2006 was 44%.’ Is maith go n-aithnítear an claonadh seo, ach caithfear gníomhú go láidir chun an claonadh seo a stopadh agus an Ghaeilge a chaomhnú, a fhorbairt agus a fhás.

‘The cultural heritage of the Corca Dhuibhne peninsula area is very strong. Its landscape, folklore, historic, archaeological, musical, linguistic and literary diversity gives the area a unique character and sense of identity not found elsewhere in the County or throughout the Country. In every sense the area is a unique cultural gem and every effort must be made to maintain and preserve the Gaeltacht tradition. In particular the area is identified with its linguistic heritage, being one of the remaining areas throughout the Country where the Irish language is spoken. The preservation of the Irish language is of paramount importance to the area and the Country as a whole.’

‘The Dingle Functional Area will be a place where: The Irish language will be preserved and promoted as a living daily-use language and Gaeltacht communities will be supported in order to strengthen and expand the social networks that nourish Irish as the community language.’

‘Gaeltacht Chorca Dhuibhne

Promote and develop the Gaeltacht as a centre of linguistic and cultural heritage in tandem with policies which will encourage sustainable economic development in order to ensure vibrant communities.

Seek to enhance the unique cultural identity and secure the sustainability of the Gaeltacht communities into the future.

Ensure that all signage erected in the Gaeltacht is in Irish only or complies with Objective SG 9-44 of the County Development Plan and Section 3.10 Scéim Gaeilge 2010-2013.

Seek to ensure that all new Council Tenants of Social Housing supports in Category A Gaeltacht areas show a fluency in spoken Irish and a positive impact on the use of Irish in the area.’

‘The protection of the Irish language is of National importance and crucial to our national identity. The issue of preserving the Irish language is difficult and complex and needs a much broader range of measures than can be included in a land use plan such as this. It is important, however, that the policies contained within the plan are broad and wideranging enough to facilitate any future strategies and initiatives that might emerge. The main factors that need to be considered in the preservation of the Irish language are; Demographics, Economic Factors, Facilities and Infrastructure. In recent years the Council has been particularly proactive in the promotion of the Gaeltacht areas in Kerry. The Kerry County Council Scéim Gaeilge 2008-2011 aims to promote the provision of services through the Irish language for the people of the Gaeltacht. Such proactive measures are important in ensuring the survival of the Irish language and its associated Gaeltacht culture.’

‘Given the pressures of such development it is inevitable that the inward migration of non-Irish speakers will affect the viability of the Irish language. It is important that facilities be provided which facilitate the teaching of the Irish language to those who desire it.’

‘It is an objective of the Council to: Facilitate the provision of facilities for the teaching / learning of the Irish language and for the production of traditional entertainment and the presentation of culture through the medium of Irish. Require that all commercial and directional signage in Gaeltacht areas be in Irish or bilingual Where bilingual language is used, the Irish version shall be the dominant wording on the sign. Use only the Irish version of Gaeltacht place names in accordance with the Ordú Loganimneacha (Ceantair Ghaeltachta) 2004. Assess multiple housing planning applications (2 or more residential units) in Gaeltacht areas in terms of the likely effect that such development would have on the Irish language and the Gaeltacht.’

Ní féidir an plean seo a mheas de bharr nach raibh aon tuairisc mhonatóireachta déanta ar an bplean. Is fiú a thógáil san áireamh go mbeidh tuairiscí monatóireachta bliantúla úsáideach chun an plean nua seo a ullmhú.

## CÁS BHREANDÁIN UÍ BHEAGLAOICH

Cé go bhfuil go leor moltaí agus spriocanna maithe luaite sa sean plean agus sa Scéim Teanga, is léir go praiticiúil nach raibh siad á chur i bhfeidhm. An sampla is fearr den teipeadh seo ná cás Bhreandáin Uí Bheaglaoich. Bhí sé ag iarraidh cead pleanála teach a thógáil ar a thalamh féin ar feadh 15 bliain agus níor éirigh leis. Ní go dtí go raibh air feachtas poiblíochta a dhéanamh gur thug an Chomhairle Contae cead pleanála dó. https://www.rte.ie/news/regional/2020/1030/1174995-kerry-musician-breanndan-o-beaglaoich/. Ní cóir go mbeidh muintir na Gaeltachta ag cur an méid sin stró orthu féin chun cónaí ina cheantar dúchais. Ba chóir an córas pleanála a éascú dóibh agus tacaíochtaí sa bhreis a thabhairt dóibh chun lonnú sa Ghaeltacht. Is iad na cainteoirí dúchais an acmhainn is tábhachtaí don Ghaeltacht. Gan iad, níl Gaeltacht ann.

## STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010 - 2030

Tá sé luaite sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge: ‘Pleanáil agus Forbairt sa Ghaeltacht

‘Ullmhóidh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil treoirlínte leathana pleanála chun cuidiú le húdaráis áitiúla maidir le feidhmiú an Achta Pleanála agus Forbartha sa Ghaeltacht chun a chinntiú go dtabharfar cosaint d’fhéiniúlacht teanga faoi leith na Gaeltachta. Mar aitheantas ar an riachtanas atá le comhoibriú níos fearr idir rialtas áitiúil agus rialtas náisiúnta agus idir na hearnálacha éagsúla chun seirbhís níos éifeachtúla comhtháite a sholáthar, beidh sé mar aidhm ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta agus na Bainisteoirí Cathrach agus Contae forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí comhroinnte nua agus beidh saineolas cuí ann do na limistéir Ghaeltachta san earnáil pleanála. Bainfidh an stádas céanna le pleananna limistéar Gaeltachta agus a bhaineann le pleananna bailte. Chomh maith le ceadú a fháil ón údarás áitiúil, ceadóidh Údarás nua na Gaeilge agus na Gaeltachta na pleananna chun a chinntiú go mbeidh dóthain ionchuir iontu ó thaobh a chinntiú go bhfuil inbhuanaitheacht na teanga ina gné de na pleananna.’

Is fiú é seo an ghné seo de chúrsaí pleanála a fhiosrú leis an Roinn Cultúir, Ealaíon, Meán, Turasóireachta, Spóirt agus Gaeltachta agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun feiceáil a bhfuil treoirlínte ann gur féidir a úsáid sa Phlean Forbartha.

## POLASAÍ NÁISIÚNTA CONRADH NA GAEILGE DO PHLEANÁIL TITHÍOCHTA SA GHAELTACHT

### Gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách

Teastaíonn riachtanas sna rialacháin phleanála go mbeadh gá le measúnacht tionchar teanga neamhspleách i gcás gach tí bheartaithe agus gach saghas forbartha beartaithe eile i gceantar Gaeltachta agus gur gá gur duine atá cáilithe go cuí a chuirfeadh le chéile í (.i. duine le cúlra nó cáilíocht sa phleanáil teanga nó sa tsochtheangeolaíocht) agus go gcruthódh an mheasúnacht sin go rachadh an fhorbairt sin chun socair na Gaeilge go háitiúil.

### Srian ar theach a dhíol ar aghaidh

Teastaíonn srian ar theach a dhíol ar aghaidh ach le cainteoir Gaeilge, srian a sheasfadh ar feadh 15 bliain ar a laghad agus a choiscfeadh an teach a ligean go fad téarmach (níos faide ná 3 mhí in aon bhliain amháin) ach amháin le cainteoirí Gaeilge.

### Inniúlacht sa teanga

Maidir le hinniúlacht sa teanga agus measúnacht tionchar teanga á déanamh, molaimid gur gá inniúlacht B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha ar an bhFráma Tagartha Comónta Eorpach do Theangacha (Comhairle na hEorpa, 2001) mar chaighdeán inghlactha. Is éard is brí leis an gcaighdeán sin:-

Ba chóir go mbeadh na foghlaimeoirí in ann páirt ghníomhach a ghlacadh i ngnáthchomhrá le duine/daoine eile, fad is a théann an comhrá ar aghaidh ar ghnáthluas. Beidh siad in ann déileáil le réimse leathan ábhar ina leithéid de chomhrá, faoi mar atá leagtha síos sa siollabas, chomh maith le hábhair eile ar spéis leo féin iad. Beidh foghlaimeoirí Mheánleibhéal 2 (B2) in ann dioscúrsa agus argóintí comhleanúnacha a thuiscint agus a chur ar fáil agus beidh a bhfuil le rá acu níos faide ná na blúirí comhrá a mbítear ag súil leo ag leibhéal B1. Ag an leibhéal seo, bíonn na foghlaimeoirí in ann eolas a mhalartú, a sheiceáil agus a dheimhniú. Is féidir leo trácht ar an tábhacht phearsanta a bhain le tarlúintí agus le heispéiris áirithe, dearcadh a chur in iúl agus a chosaint le samplaí agus le hargóintí a bhaineann le hábhar. Ní hamháin go mbeidh siad in ann iad féin a chur in iúl go sásúil ach beidh na straitéisí cuí acu le déileáil le rudaí a thagann chun cinn nach raibh siad ag súil leo.

(https://secure.teg.ie/gaeilge/eolas_fhostoiri.htm)

### Eastáit tithíochta

Maidir le heastáit tithíochta, is beag slí go bhféadfadh a leithéid cur le labhairt na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta A & B. Go deimhin, is dochar agus dochar as cuimse a dhéanfadh a leithéid. Molaimid nach gceadófaí eastát tithíochta sa cheantar Gaeltachta A & B agus gur cheart é sin a dhéanamh soiléir i gcriosú (zónáil) na gceantar sin.

### Daoine sa toghroinn ar aistríthe ó dhúchas iad

Ní mholaimid go gcuirfeadh coinníollacha teanga isteach ar dhaoine áitiúil nó le tithe sa toghroinn ar aistrithe ó dhúchas iad.

### Cás faoi leith le riachtanas áitiúil tithíochta

Molaimid go gcaithfí le daoine a thugann an fhianaise chuí go bhfuil inniúlacht ag leibhéal B2 nó níos airde sa Ghaeilge labhartha acu amhlaidh is go raibh riachtanas áitiúil tithíochta acu gan a thuilleadh riachtanais a chomhlíonadh.

### Limistéir ar imeall na Gaeltachta

Tá limistéir ar imeall na Gaeltachta nach bhfuil an Ghaeilge in úsáid iontu mórán agus nach raibh nuair a bronnadh stádas Gaeltachta orthu. Mura bhfuil fonn ar an bpobal na ceantair imeallacha seo a bheith san áireamh mar limistéir Ghaeltachta agus a bheith faoi réim na mbeartas thuas, ní chuirfimid ina aghaidh sin.

**Tithe saoire**

Go gcuirfear cosc ar ró-fhorbairt tithe saoire chun a chinntiú nach mbeidh níos mó ná 10% de na tithe in aon toghroinn ar leith ina dtithe saoire. Má tá níos mó ná 10% de na tithe in aon toghroinn ar leith ina dtithe saoire, nach bhfaighfí cead pleanála i gcomhair a thuilleadh tithe saoire ann.

**Tithe sóisialta**

Go mbeidh sé de cheart ag daoine a bhfuil i dteideal tithe sóisialta a fháil go gcuirfear na tithe sin ar fáil ina bpobal féin.

## COINNÍOLL TEANGA

**Go mbeidh cumas labhartha na Gaeilge ag gach aon duine a lorgaíonn cead pleanála sa Ghaeltacht.**

Go mbeidh cumas labhartha na Gaeilge ag gach duine a cheannaíonn maoin sa Ghaeltacht - bainfidh seo le forbairtí, tithíocht agus maoin, pearsanta agus tráchtála, de gach saghas. Go gcuirfí coinníoll teanga le soláthar tithíocht sóisialta sa Ghaeltacht mar a déantar le forbairtí príobháideacha cheana féin, ionas go mbeidh cumas labhartha na Gaeilge ag 70% dóibh siúd a bhfaigheann teach. Go n-aithneofaí na bailte fearainn ar fad sa Ghaeltacht mar láithreacha lonnaíochta, agus na sean chnuasbhailte atá iontu a zónáil do chúrsaí tithíochta.

Indéanta: Is féidir le duine ar bith teanga a fhoghlaim, ach an tacaíocht chuí a bheith ar fáil dóibh. Má tá an Ghaeltacht le maireachtáil mar 'chúinne an ghiorria' ní mór don Stát a chuid a dhéanamh agus reachtaíocht chuí a chur in áit, reachtaíocht a dhéanfaidh na réigiúin teangeolaíochta luachmhara seo a chosaint agus a chaomhnú don Stát, don phobal agus do dhiaspóra na hÉireann.

## CONCLÚID

Mar atá feicthe tríd an aighneacht seo tá go leor dualgais reachtúil ag an gComhairle chun an Ghaeilge a chaomhnú agus a chosaint maidir le forbairt tithíochta i gCorca Dhuibhne. Ina measc An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, Acht na Gaeltachta 2012 agus Scéim Teanga Comhairle Contae Chiarraí atá ag feidhmiú faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Tá gnéithe i dtaobh cúrsaí pleanála sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030 atá gá le tógáil san áireamh sa Phlean Forbartha nua. Chomh maith le sin tá moltaí ann i dtaobh cead pleanála ab fhiú a chur i bhfeidhm sa Phlean Forbartha nua. Tá gá anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar mhonatóireacht Dingle Functional Area Local Area Plan 2012 – 2018 agus anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar an bplean nua roimh a bhfoilsítear é ó dhuine atá cáilithe sa tsochtheangeolaíocht nó sa phleanáil teanga chun cinntiú go mbeidh gníomhaíochtaí an chomhairle ag cur stop le creimeadh na Gaeilge sa Ghaeltacht.

Ba chóir go mbeidh Comhairle Contae Chiarraí in ann Plean Forbartha sásúil a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta má chuirtear na moltaí thuas san áireamh.